Athbhreithniú an Phríomh-fheidhmeannaigh

Padraig McManus

Forléargas

Ó thaobh an domhain ar fad de, bhí aird thar cuimse ar earnáil an fhuinnimh i rith na bliana 2005. Cúrsaí sa Mheánoirthear, huraicíní i Murascaill Mheicseacó, leathnú ar an tuiscint ar thionchar eacnamaíochta CO_2 agus méadú ar an mbuairt maidir le cinnteacht soláthair i gcás chineálacha go leor breosla ba shiocair leis sin agus tháinig ardú suntasach ar phraghas gach tráchtearra breosla. Is mó luaineachta atá ag baint le praghsanna na mbreoslaí sin anois agus fail phraghsanna ag tarlú go minic. Bhí tionchar ag an athrú bunúsach seo sa chaoi ina bpraghasáltar tráchtearraí breosla ar fud an domhain ar thionscail go leor agus tá tionchar suntasach imeartha aige ar earnáil an leictreachais go háirithe, go gearrtéarmach agus, níos géarchúisí ná sin, b'fhéidir go fadtéarmach freisin.

Ag an am céanna, tharla tuilleadh athruithe in Éirnn. Tá stró seachas mar a bhí riamh orainn ag an dírialú ar earnáil an tsoláthair, ag an athrú tobann sa sciar den mhargadh atá ag BSL i ngnó na gineadóireachta agus an tsoláthar araon, ag an uaséileamh arís agus arís eile ar cheangailtí nua agus ag an mborradh ar an éileamh agus an aois a bhaineann le cuid mhór de na stáisiúin ghineadóireachta againn agus cinnteacht an tsoláthair ina ábhar buartha dáiríre.

Tá líon na foirne againn 20% níos ísle ná an leibhéal fostaíochta 10 mbliana ó shin ach táthar ag caitheamh cúig oiread caipitil sa bhreis in aghaidh na bliana, ag ceangal trí oiread custaiméirí nua agus a bhíodh agus ag dáileadh toirt i bhfad níos airde leictreachais ar an margadh foráis.

Is ina fhianaise sin atá sásamh ar leith le baint as an gcaoi ar cruthaíodh ó thaobh airgeadais agus oibriúcháin de sa bhliain 2005. Tá BSL ag tuairisiú den chéad uair faoi réir na gCaighdeán Tuairisceoireachta Airgeadais Idirnáisiúnta. Tá na figiúirí comparáideacha i gcomhar 2004 athluaite ar an mbonn ceanna.

Tá an gnó miondíolacháin ar threalamh leictreach fágtha ag BSL tríd an díolachán le Bank of Scotland (Ireland) (BOSI), agus tá an gnó conraitheoireacht leictreachais sa Ríocht Aontaithe (ESBI UK) diúscartha. Tá díol 50% de IPP sa Spáinn le Osaka Gas na Seapáine curtha I gcrích freisin.

Is comharthaí glé iad na bhearta seo ar an rún ata ag BSL an gnó a choinneáil dírithe ar luach

Léirigh foireann BSL arís i rith na bliana 2005 an acmhainn atá iontu déileáil leis na hathruithe a chuirtear roimh an eagraíocht

fadtéarmach a bhaint amach trí fhorás ár ngnó leictreachais agus, ag an am céanna, trí phróifíl baoil inghlactha a chothú I gcónaí. Bhí tionchar an-bhuntáiste ar 2005 ag gach ceann de na bearta aon uaire sin.

Ní féidir an dúshlán airgeadais agus oibriúcháin atá roimh BSL a mheas faoi bhun a scála. Fágann an borradh leanúnach faoi eacnamaíocht na hÉireann caiteachas caipitil ollmhór le déanamh i ngnó na ngréasán againn. Tá an t-athnuachan ar an bpunann gineadóireachta atá ann le fada ar cheann de na nithe is tábhachtaí. Tá an gá leathnú a dhéanamh ar an bpunann gineadóireachta teirmí agus inathnuaite chun freastal ar an ardú mór ar an éileamh in Éirinn ina chionsiocair le caiteachas go hard os cionn €1 billiún againn as seo go ceann 5 bhliana. Tá sé tábhachtach a choinneáil san áireamh go dtitfidh an sciar de mhargadh na gineadóireachta a bheidh againn faoi 45% in 2006 fiú agus caiteachas den leibhéal sin á dhéanamh.

Faoi dheireadh na bliana 2007 nuair a bheidh an tAon Mhargadh Leictreachais ar bun, beidh thart ar 30% den ghineadóireacht leictreachais ar an oileán á dhéanamh ag BSL. D'fhonn cúiteamh do chailleadh an sciar sin den mhargadh, tá BSL ag treabhadh ar aghaidh le forás idirnáisiúnta níos tréine ná mar a bhíodh. D'éirigh thar cionn go dtí seo leis an infheistíocht go hidirnáisiúnta agus beifear ag féachaint leis an gcothrom a bhaint amach ainneoin an laghdaithe ar sciar an mhargadh dúchais trí chur leis na hacmhainní a chuirtear i leith an ghnó idirnáisiúnta. Tá gnó ESBI scartha amach ó bheartaíocht neamhlárnach eile ionas go ndírítear mar is cóir ar an bhfairsingiú sin. Tríd an straitéis foráis sin, féadfaidh BSL forás suntasach den bhrabúsacht a bhaint amach de réir na straitéise ginearálta.

Tá na riachtanais infheistíochta i ngnónna na nGréasán, Ghineadóireacht Cumhachta agus ESB International ag BSL dúshlánach ó thaobh airgeadais agus obiriúcháin de. Le cúig bhliana anuas, tá infheistíocht €5 billiún maoinithe ag BSL trí fhiachas. D'fhág sin go bhfuil ardú ó 15% go dtí 47% ar an ngiaráil sa chlár comhardaithe le linn na tréimhse sin. Ní féidir leanacht ar aghaidh ar an gcaoi sin agus caithfear modhanna eile a lorg chun cur leis an maoiniú trí fhiachas.

Tabharfar faoin easnamh sa chiste pinsin tríd an gcomhaontú leis an bhfoireann agus lena gcuid Ceardchumann go luath sa bhliain 2006 maidir le Pá, Pinsean agus Athrú agus coinneoidh sé BSL tréan láidir i lár an aonaigh san am atá romhainn. Beidh riachtanais chiste an ghnó agus an t-athchóiriú leanúnach mar gheall ar athruithe sa mhargadh ina gceisteanna ar gá díriú orthu sna blianta beaga atá romhainn.

Athbhreithniú Oibriúcháin

Lean an borradh eacnamaíochta in Éirinn i rith na bliana 2005, rud a d'fhág ardú de 3.7% ar an éileamh ar leictreachas. Rinneadh ceangal nua do níos mó ná 89,000 custaiméir i rith na bliana, beagán gann ar an uaslíon a baineadh amach sa bhliain 2004. Tá ceangal nua déanta do níos mó ná 370,000 custaiméir ón mbliain 2001 i leith – an borradh is mó riamh i líon na gcustaiméirí i stair BSL.

Rinneadh caiteachas caipitil níos airde ná €900 milliún i rith na bliana agus beagnach €700 milliún á chaitheamh ar infrastruchtúr na ngréasán amháin.

Cuireadh níos mó ná 1,300MW de mhonarchanra gineadóireachta i mbun obair thráchtála in Éirinn agus sa Spáinn i rith na bliana 2005.

- Cuireadh tús le hobair thráchtála i monarcha cumhachta 150MW Uíbh Fhailí Thiar ag tús na bliana 2005.
- Tugadh an obair ar an stáisiún cumhachta 800MW in Amorebieta sa Spáinn chun críche níos luaithe ná mar a bhí sa sceideal agus tosaíodh i mbun obair thráchtála ann i mí

Seasann BSL go láidir leis an Margadh Uile Oileáin agus bítear lánpháirteach ag tabhairt socruithe don Aon Mhargadh Leictreachais, atá le teacht i bhfeidhm sa bhliain 2007

Lúnasa 2005. Tá an mhonarcha sin ar an gcéad Táirgeoir Cumhachta Neamhspleách (TCN) i margadh na Spáinne agus is léiriú soiléir é ar acmhainn BSL iomaíocht a dhéanamh go bisiúil i Margadh Eorpach léirscaoilte.

- Cuireadh tús leis an ngineadóireacht i monarcha 400 MW i gCúl na gCaorach in aice le Doire, léiriú ar thacú BSL leis an Margadh Uile Oileáin.

Tá tús curtha leis an obair ar thogra athfheistiú comhshaoil dar luach €368 milliún ag stáisiún guail Ghob na Muine chun na spriocanna comhshaoil a bhaint amach i rith na 10 mbliana atá ag teacht. Tabharfar an togra chun críche sa bhiain 2008.

Tháinig an "Clár chun Acmhainn Iomaíochta agus Claochlú a bhaint amach" (CAIC) go ceann cúrsa go sásúil ag deireadh na bliana 2005. Le roinnt bheag blianta anuas, baineadh amach laghdú costais bhliantúla de níos mó ná €135 milliún agus laghdú de beagnach 2,000 ar líon iomlán na foirne leis an gclár claochlaithe sin.

Tháinig feabhas maidir le stáisiúin chumhachta a bheith ar fáil agus bhí an figiúr 83% den am ag teacht le sprioc na bliana chuige sin. Is dócha, ina dhiaidh sin féin, go mbeidh tionchar na míbhuntáiste ar fheidhmíocht infhaighte i 2006 ag an togra comhshaoil i nGob na Muine agus ag clár leitheadach athchóirithe nach féidir a sheachaint.

Tá dúshlán ag baint leis na spriocanna atá socraithe ag an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh (CRF) maidir le seirbhís don chustaiméir. Cé go raibh tionchar an mhíbhuntáiste ar dtús ag Clár Athnuachana Ghréasáin BSL agus ag an infheistíocht i gcórais nua mhargaidh maidir leis na spriocanna sin a bhaint amach, tá buntáiste fadtéarmach dá mbarr ag na custaiméirí ar fad anois.

Sábháilteacht

Tá BSL dúthrachtach maidir le sábháilteacht na foirne, na gconraitheoirí agus dhaoine den phobal a chinntiú. Tá obair go sábháilte ar cheann de na croíluachanna ag BSL. Tá sé de sprioc nach dtarlódh oiread agus an gortú amháin a gcaillfí am oibre leis agus táthar ag déanamh dul chun cinn dáiríre maidir leis sin a bhaint amach.

Tá an tábhacht chéanna le sábháileacht an phobail agus is cúis mhór díomá a chur in iúl gur tharla bás triúir i rith na bliana 2005 – conraitheoir amháin agus beirt den phobal.

Cuirtear trasna an gá atá le hairdeall seasta nuair atá duine ag plé le leictreachas nuair a mheabhraítear na tubaistí sin. Ta clár leitheadach maidir le ceannaireacht i gcúrsaí sábháilteachta ar bun ar fud BSL agus córais bhainistíochta sábháilteachta struchtúrtha ag dul leis. Leanann BSL den bhéim ar shábháilteacht na gconraitheoirí agus, mar thionscnamh nua, tugadh isteach clár cuimsitheach maidir le tiomáint shábháilte i leith na bhfeithiclí.

D'fhonn an tsábháilteacht a chur chun cinn, tá páirtnéireacht straitéiseach, cor eisceachtúil, nasctha idir BSL agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (ÚSS) chun an tuiscint ar chontúirt ó leictreachas in earnála na tógála agus na talmhaíochta a chur chun cinn.

Leanfar go díocasach arís sa bhliain 2006 de na tionscnaimh seo maidir leis an bhfoireann, le conraitheoirí agus le daoine den phobal.

Cora Rialála

Rinneadh margadh an leictreachais i bPoblacht na hÉireann a oscailt go hiomlán i mí Feabhra 2005 ar mhaithe le hiomaíocht. Rinne BSL a chion go maith chun an beart stairiúil sin a bhaint amach trí thogra TE dar luach €120 milliún a thabhairt i gcrích trína mbíonn an teacht céanna ag gach soláthraí ar an ngréasán agus ar chustaiméirí.

Tá tábhacht thar na bearta leis an tseirbhís don chustaiméir ag BSL. Seirbhís ardchaighdeáin a chur ar fáil don chustaiméir i gcónaí atá i gceist anseo agus is sa chaidreamh sin a dhéanann foireann BSL na bearta is tábhachtaí maidir le clú na cuideachta

Is fada an chuideachta ag cuidiú leis an CRF comhlachtaí nua a mhealladh isteach sa mhargadh gineadóireachta trí chomhaontuithe eisghlactha a thairiscint maidir le 500MW d'acmhainn breise. Is as sin a d'eascair an fhorbairt ar dhá mhonarcha gineadóireachta i dTíne (400MW) agus in Each Inis (150MW) agus cuireadh an péire acu sin ag obair go luath sa bhliain 2006.

Faoi Threoir Leictreachais an AE, tá Éire i mbannaí 13.2% den fhuinneamh a fháil trí ghineadóireacht inathnuaite faoin mbliain 2010. Aontaíonn BSL go hiomlán leis an sprioc sin agus táthar gníomhach ag déanamh infheistithe maidir le tograí fheirmeoireacht ghaoithe a thabhairt chun cinn ar fud na tíre.

Seasann BSL go láidir leis an Margadh Uile Oileáin agus bítear lánpháirteach ag tabhairt socruithe don Aon Mhargadh Leictreachais (AML), atá le teacht i bhfeidhm sa bhliain 2007, chun cinn. Feictear gur cor buntáisteach atá ansin a chuirfeadh leis an iomaíocht, a threiseodh seasmhacht na gcóras agus dhéanfadh íoslaghdú ar chostais don am atá i ndán. Ina dhiaidh sin féin, sa ghearr-théarma beidh gá le díograis gach a mbaineann seo leo má táthar leis an margadh sin a chur i bhfeidhm go sásúil.

Athbhreithniú ar Phraghsanna

Tháinig tréimhse an chéad athbhreithniú cúig bhliana maidir le praghas rialála chun deiridh sa bhliain 2005. Rinne an CRF an dara athbhreithniú 5 bhliana (2006 – 2010) i rith na bliana. Tá laghdú suntasach de bharr na n-athbhreithnithe sin ar an ioncam a cheadaítear do ghnóthais rialáilte BSL. Tugann sin dúshlán na ngnóthas sin a bhfuil clár ollmhór infheistíochta caipitil ar siúl iontu chomh maith.

Ina dhiaidh sin féin, is é an borradh atá faoi phraghsanna breosla ar na margaí idirnáisiúnta is mó is cionsiocair le harduithe i bpraghsanna leictreachais le tamall anuas. Ní féidir custaiméirí a chosaint ar thionchar na n-arduithe seo ar phraghsanna. Beidh praghsanna san am atá ag teacht ag brath go mór ar a dtarlaíonn maidir le praghsanna na mbreoslaí a úsáidtear chun leictreachas a ghineadh agus is mó anois an seans aimlithe maidir le gás, ceann de na breoslaí is tobathraithí praghas (agus is airde praghas faoi seo). Ní fheictear romhainn go ceann tamaill ach praghsanna arda.

Daoine

Léirigh foireann BSL arís i rith na bliana 2005 an acmhainn atá iontu déileáil leis na hathruithe a chuirtear roimh an eagraíocht. Tá an luas céanna faoi na hathruithe agus tá an tionscal ag dul i gcastacht i gcónaí. Mar chuid de bhearta BSL ina leith sin, bhí baint ag an bhfoireann le réimse leathan tionscnamh, ina measc infheistíocht i gcórais nua éifeachtacha agus infheistíocht i dteicneolaíocht nua is glaine ná an cineál a chuaigh roimhe agus a chuirfidh síneadh le ré na monarchana dóite guail againn agus, dá réir sin, a chinnteoidh éagsúlacht sa bhreosla a úsáidtear in Éirinn.

Ní féidir athrú dá leithéid a thabhairt i gcrích ach amháin le sainiúlacht, dúthracht agus scileanna ár gcuid foirne agus bonn faoi sin uilig ag an toil glacadh le modhanna nua oibre, nósanna nua eagrúcháin agus cineálacha nua teicneolaíochta Ní fhéadfaí sin a bhaint amach murach páirtnéireacht dháiríre, ghroí leis na Ceardchumainn.

Tá tábhacht thar na bearta leis an tseirbhís don chustaiméir ag BSL. Seirbhís ardchaighdeáin a chur ar fáil don chustaiméir i gcónaí atá i gceist anseo agus is sa chaidreamh sin a dhéanann foireann BSL na bearta is tábhachtaí maidir le clú na cuideachta, más sna veaineanna soaitheanta buí é, tríd an Ionad Caidrimh nó trí tháirgeadh fuinnimh gach uair a chloig den lá sna stáisiúin cumhachta.

Tuigeann an chuideachta an brú atá ar an bhfoireann ag déileáil leis na hathruithe sa phobal faoi láthair agus tuigtear go bhfuil, chomh maith lena ndúthracht don chuideachta, brú níos mó ina saol príobháideach acu ó nithe ar nós turais níos faide chuig an obair agus abhaile, chomh maith le cúram d'ógánaigh agus d'aosaigh cleithiúnaigh. Le bliain anuas, tá dírithe ag BSL ar dhlús a chur arís leis an gcur chuige atá againn maidir leis an gcothrom idir Saol agus Saothar agus tá an cheist sin curtha á plé againn ag na leibhéil is airde san eagraíocht.

Agus ár gcuid siopaí miondíolacháin agus na saoráidí admhála á ndúnadh, ní mór an tseirbhís iontach a chuir an fhoireann díograiseach, dílis sa ghnó sin ar fáil dár gcuid custaiméirí le blianta fada a thraoslú leo.

Breathnú chun cinn

Níl faoiseamh ar bith ón athrú tréan ar thionscal an leictreachais agus beidh dúshláin eile á dtabhairt i rith na bliana 2006. Beidh siad seo a leanas ar na príomhbhearta oibriúcháin a dtabharfar tús áite dóibh i rith na bliana:

- Leanacht ag cur dlúis le coincheap na sábháilteachta ar cheann de chroíluachanna BSL.
- Feabhsú na feidhmíochta a bhrostú agus bonn costais inchomórtais a thabhairt i gcrích.
- Feabhas a chur ar an tseirbhís don chustaiméir i ngach réimse den ghnó.
- An clár infheistíocht chaipitil suntasach a thabhairt i gcrích.
- Cinntiú go bhféadann gnóthais BSL dul san iomaíocht go rathúil san Aon Mhargadh Leictreachais (AML).
- Scaradh Eirgrid ó BSL a chur i gcrích.
- Treisiú leis an tiomantas ag leibhéal an AE agus an ag an leibhéal náisiúnta maidir le breis fuinnimh a ghineadh as foinsí fuinnimh in-athnuaite.
- Treisiú le hacmhainn foráis ESB International (ESBI) agus sruth tograí leictreachais idirnáisiúnta den rath a chothú.

Tá socruithe déanta ag BSL ionas go mbeidh an gnó in ann chuig cibé dúshlán a thugtar dó san am atá romhainn agus is féidir tabhairt faoin mbliain 2006 go misniúil, muiníneach. Tá BSL ag tnúth le seirbhís chomh maith agus atá sa domhan a dhéanamh do na custaiméir sna blianta atá romhainn.

Ba mhaith liom focal ómóis a thabhairt anseo mar fhocal scoir i gcuimhne ar iar-Phríomhfheidhmeannach dár gcuid, Joe Moran, a fuair bás go luath i 2006. Chaith Joe 47 bliain dá shaol le BSL. Ba í an acmhainn a bhí annsan breathnú roimhe chomh maith leis an bpáirtnéireacht sheasmhach a d'fhág sé le hoidhreacht againn a shocraigh an creat trínar tharla an claochlú mór ar BSL go suaimhneach. Le cion agus le meas air atá cuimhne ag daoine ar fud BSL ar Joe.

Padraig McManus
Príomhfheidhmeannach
18 Bealtaine 2006